

EMIL FÉIN

Tá Emil féin ar an gcéad duine. Tá a chulaidh dubh ghorm Dómhnaigh air. Ní mó ná sásta atá sé leis mar chulaidh agus ní chaitheann sé é ach an uair nach mbíonn neart aige air. Is furasta cultacha gorma a smearadh. Nuair a bhíos glanadh a teastal ó chuladh Emil is amhlaidh a fhliuchann a mháthair an sguab agus coinnígeann sí Emil idir a dhá glúin go sgriobann sí agus go sguabann sí é agus séard deir sí leis.

“Tá fhios agat a bhródaigh nach bhfuil sé ar mo chumas culaidh eile a cheannacht duit. Sin é an uair thagann sé ina chuimhne, agus é ró dheireannach, go mbíonna mháthair go cruadhógach ag obair ó bhreacadh lae go dubh na hoidhche le go mbeadh a sáith le n-íthe aca agus le go bfeadfadh sé féin sgoil mhaith a fhreastal.